



Airéas 3 agus “An Marsach”

Le fírinne tá an réigiún seo ar Mhars cuid mhaith níos éagsúla, níos spéisiúla, agus níos contúirtí ná mar a chuirtear síos air san úrscéal. Tá an dá íomhá seo i ngar don ionad tuirlingthe Airéas 3 atá léirithe san léarscáil ag tús an úrscéil, agus léiríonn siad roinnt mhaith charn, bolcáin sheanársa b'fhéidir mar thoradh ar idirghníomhú laibhe-uisce nó brúchtadh dríodar láibeach.